2024/2635

4.10.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2635 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Deireadh Fómhair 2024

lena bhformheastar seoilít since airgid mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 7, agus 9 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 89(1), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear liosta de shubstaintí gníomhacha atá ann cheana agus a bhfuil meastóireacht le déanamh orthu maidir lena bhformheas féideartha i dtaca lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha. Airítear seoilít since airgid sa liosta sin (Uimhir CAS: 130328-20-0) le haghaidh chineálacha táirgí 2, 7 agus 9.

(2) Rinneadh meastóireacht ar sheoilít since airgid lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 2 (díghalráin a úsáidtear sa réimse phríobháideach agus i réimse na sláinte poiblí agus táirgí bithicídeacha eile), de chineál táirge 7 (leasaithigh sceo) agus de chineál táirge 9 (leasaithigh snáithíní, leathair, rubair agus ábhar polaiméirithe), mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus comhfhreagraíonn siad do chineál táirge 2 (díghalráin agus ailgicídí nach bhfuil sé beartaithe iad a chur go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe), do chineál táirge 7 (leasaithigh sceo) agus do chineál táirge 9 (leasaithigh snáithíní, leathair, rubair agus ábhar polaiméirithe) faoi seach, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) Ainmníodh an tSualainn mar Bhallstát is rapóirtéir agus chuir a húdarás inniúil meastóireachta an tuarascáil mheasúnachta mar aon lena chonclúidí faoi bhráid an Choimisiúin an 7 Bealtaine 2012. Tar éis an tuarascáil mheasúnachta a bheith curtha isteach, tionóladh pléití i gcruinnithe teicniúla a d'eagraigh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('An Ghníomhaireacht').

(4) Leanann sé ó Airteagal 90(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 go bhfuil meastóireacht le déanamh ar shubstaintí a bhfuil meastóireacht na mBallstát curtha i gcrích ina leith faoin 1 Meán Fómhair 2013 i gcomhréir leis na coinníollacha substainteacha maidir le formheas a leagtar síos i dTreoir 98/8/CE.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 75(1), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ullmhaíonn an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht maidir leis na hiarratais ar fhormheas substaintí gníomhacha. I gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 75(1) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, an 29 Feabhra 2024 ghlac an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht ([4]), ([5]), ([6]), ag féachaint do chonclúidí an údaráis inniúil meastóireachta.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/1062/oj).

([3]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/8/oj).

([4]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí seoilít since airgid; Cineál táirge: 2; ECHA/BPC/414/2024, arna glacadh an 29 Feabhra 2024.

([5]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí seoilít since airgid; Cineál táirge: 7; ECHA/BPC/415/2024, arna glacadh an 29 Feabhra 2024.

([6]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí seoilít since airgid; Cineál táirge: 9; ECHA/BPC/416/2024, arna glacadh an 29 Feabhra 2024.

(6) Agus an tuairim ón nGníomhaireacht á cur san áireamh, is féidir teacht ar an gconclúid go bhféadfar coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh táirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 7 agus 9 ina bhfuil seoilít since airgid na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1), pointí (b), (c) agus (d), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 10(1) de Threoir 98/8/CE, ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais áirithe a bhaineann lena n-úsáid. Dá bhrí sin, is iomchuí seoilít since airgid a fhormheas mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 7 agus 9 faoi réir comhlíonadh coinníollacha áirithe, lena n-áirítear coinníollacha áirithe maidir le hearraí cóireáilte a chóireáiltear le seoilít since airgid nó ina n-ionchorpraítear seoilít since airgid a chur ar an margadh.

(7) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula bhformheasfar substaint ghníomhach ionas go mbeidh páirtithe leasmhara in ann na bearta ullmhúcháin is gá a dhéanamh chun na ceanglais nua a chomhlíonadh.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá seoilít since airgid formheasta mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 7 agus 9, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Gnáthainm	Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí (1)	Dáta formheasa	Dáta éaga an fhormheasa	An cineál táirge	Coinníollacha sonracha
Seoilít since airgid	Ainm IUPAC: Seoilít since airgid (seoilít, a bhfuil cineál creata Linde Cineál A (2) aici agus a bhfuil a dromchla modhnaithe le hiain airgid, since agus amóiniam) Uimh. CE: neamhshannta Uimh. CAS: 130328-20-0 (3)	990 g/kg meáchan tirim agus na heisíontais ábhartha seo a leanas ann: arsanaic agus cróimiam, agus uaschion 40 mg/kg de mheáchan tirim i ngach ceann acu.	1 Márta 2026	29 Feabhra 2036	2	(1) Tá údarú na dtáirgí bithicídeacha ina bhfuil seoilít since airgid mar shubstaint ghníomhach faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: (a) sa mheasúnú ar tháirgí, tabharfar aird ar leith ar na nochtaí, ar na rioscaí agus ar an éifeachtúlacht atá nasctha le haon úsáid atá cumhdaithe ag iarratasóir ar údarú, ach nach dtugtar aghaidh uirthi i measúnú riosca na substainte gníomhaí ar leibhéal an Aontais; (b) ní údarófar le haghaidh cóireála le polaiméire neamhtheicstíle táirgí a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil dhíreach leis an gcraiceann, craiceann ag a bhfuil limistéar teagmhála ar mhéid níos mó ná 300 cm^2 i gcás daoine fásta agus leanaí (> 2 bhliain d'aois), agus níos mó ná 200 cm^2 i gcás lapadán (1-2 bhliain d'aois) agus naíonán (< 1 bhliain d'aois); (c) ní údarófar táirgí chun teicstílí a chóireáil a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas nuair a úsáidtear ina n-aonair iad nó nuair a ionchorpraítear in earraí eile iad: (1) d'fhéadfaidís teacht i dteagmháil le craiceann an duine, lena n-áirítear go hindíreach trí shreabháin choirp; (2) d'fhéadfaí iad a láimhseáil faoi dhálaí fliucha; (3) d'fhéadfadh leanaí faoi bhun 2 bhliain d'aois iad a chur sa bhéal. (d) Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát nó, i gcás údarú Aontais, déanfaidh an Coimisiún na treoracha ábhartha maidir le húsáid agus na réamhchúraimí a shonrú ar lipéad na n-earraí cóireáilte faoi Airteagal 58(3), an dara fomhír, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh ina bhfuil seoilít since airgid.

Gnáthainm	Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí ([1])	Dáta formheasa	Dáta éaga an fhormheasa	An cineál táirge	Coinníollacha sonracha
						(2) Tá earraí cóireáilte a chuirtear ar an margadh faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: (a) earraí polaiméire neamhtheicstíle a chóireáiltear le seoilít since airgid nó ina n-ionchorpraítear seoilít since airgid a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil dhíreach leis an gcraiceann, craiceann ar mhéid níos mó ná 300 cm^2 i gcás daoine fásta agus leanaí (> 2 bhliain d'aois), agus níos mó ná 200 cm^2 i gcás lapadán (1-2 bhliain d'aois) agus naíonán (< 1 bhliain d'aois), ní chuirfear ar an margadh iad; (b) ní chuirfear ar an margadh teicstílí a chóireáiltear le seoilít since airgid nó ina n-ionchorpraítear seoilít since airgid má chomhlíonann siad aon cheann de na coinníollacha seo a leanas nuair a úsáidtear ina n-aonair iad nó nuair a ionchorpraítear in earraí eile iad: (1) d'fhéadfaidís teacht i dteagmháil le craiceann an duine, lena n-áirítear go hindíreach trí shreabháin choirp; (2) d'fhéadfaí iad a láimhseáil faoi dhálaí fliucha; (3) d'fhéadfadh leanaí faoi bhun 2 bhliain d'aois iad a chur sa bhéal; (c) áiritheoidh an duine atá freagrach as earra cóireáilte a chur ar an margadh a cóireáladh le seoilít since airgid nó ina n-ionchorpraítear seoilít since airgid go gcuirfear ar fáil ar lipéad an earra chóireáilte sin an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 58(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
					7	(1) Tá údarú na dtáirgí bithicídeacha ina bhfuil seoilít since airgid mar shubstaint ghníomhach faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: (a) sa mheasúnú ar tháirgí, tabharfar aird ar leith ar na nochtaí, ar na rioscaí agus ar an éifeachtúlacht atá nasctha le haon úsáid atá cumhdaithe ag iarratasóir ar údarú, ach nach dtugtar aghaidh uirthi i measúnú riosca na substainte gníomhaí ar leibhéal an Aontais; (b) ní údarófar le haghaidh cóireála le polaiméire neamhtheicstíle táirgí a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil dhíreach leis an gcraiceann, craiceann ag a bhfuil limistéar teagmhála ar mhéid níos mó ná 300 cm^2 i gcás daoine fásta agus leanaí (> 2 bhliain d'aois), agus níos mó ná 200 cm^2 i gcás lapadán (1-2 bhliain d'aois) agus naíonán (< 1 bhliain d'aois);

Gnáthainm	Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí (1)	Dáta formheasa	Dáta éaga an fhormheasa	An cineál táirge	Coinníollacha sonracha
						(c) ní údarófar táirgí lena n-úsáid i bpéinteanna nó bratuithe atá beartaithe lena n-úsáid ar bhonneagair faoin aer, amhail tithe, aghaidheanna nó bacainní torainn, nó struchtúir os cionn uisce, amhail droichid; (d) Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát nó, i gcás údarú Aontais, déanfaidh an Coimisiún na treoracha ábhartha maidir le húsáid agus na réamhchúraimí a shonrú ar lipéad na n-earraí cóireáilte faoi Airteagal 58(3), an dara fomhír, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh ina bhfuil seoilít since airgid. (2) Tá earraí cóireáilte a chuirtear ar an margadh faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: (a) earraí polaiméire neamhtheicstíle a chóireáiltear le seoilít since airgid nó ina n-ionchorpraítear seoilít since airgid a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil dhíreach leis an gcraiceann, craiceann ar mhéid níos mó ná 300 cm^2 i gcás daoine fásta agus leanaí (> 2 bhliain d'aois), agus níos mó ná 200 cm^2 i gcás lapadán (1-2 bhliain d'aois) agus naíonán (< 1 bhliain d'aois), ní chuirfear ar an margadh iad; (b) áiritheoidh an duine atá freagrach as péint nó bratú a chur ar an margadh a cóireáladh le seoilít since airgid nó ina n-ionchorpraítear seoilít since airgid go léireoidh lipéad na péinte nó an bhrataithe sin nach bhfuil sé le húsáid ar bhonneagair faoin aer, amhail tithe, aghaidheanna nó bacainní torainn, nó struchtúir os cionn uisce, mar shampla droichid; (c) áiritheoidh an duine atá freagrach as earra cóireáilte a chur ar an margadh a cóireáladh le seoilít since airgid nó ina n-ionchorpraítear seoilít since airgid go gcuirfear ar fáil ar lipéad an earra chóireáilte sin an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 58(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

Gnáthainm	Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí ([1])	Dáta formheasa	Dáta éaga an fhormheasa	An cineál táirge	Coinníollacha sonracha
					9	(1) Tá údarú na dtáirgí bithicídeacha ina bhfuil seoilít since airgid mar shubstaint ghníomhach faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: (a) sa mheasúnú ar tháirgí, tabharfar aird ar leith ar na nochtaí, ar na rioscaí agus ar an éifeachtúlacht atá nasctha le haon úsáid atá cumhdaithe ag iarratasóir ar údarú, ach nach dtugtar aghaidh uirthi i measúnú riosca na substainte gníomhaí ar leibhéal an Aontais; (b) ní údarófar le haghaidh cóireála le polaiméire neamhtheicstíle táirgí a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil dhíreach leis an gcraiceann, craiceann ag a bhfuil limistéar teagmhála ar mhéid níos mó ná 300 cm^2 i gcás daoine fásta agus leanaí (> 2 bhliain d'aois), agus níos mó ná 200 cm^2 i gcás lapadán (1-2 bhliain d'aois) agus naíonán (< 1 bhliain d'aois); (c) ní údarófar táirgí chun teicstílí a chóireáil a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas nuair a úsáidtear ina n-aonair iad nó nuair a ionchorpraítear in earraí eile iad: (1) d'fhéadfaidís teacht i dteagmháil le craiceann an duine, lena n-áirítear go hindíreach trí shreabháin choirp; (2) d'fhéadfaí iad a láimhseáil faoi dhálaí fliucha; (3) d'fhéadfadh leanaí faoi bhun 2 bhliain d'aois iad a chur sa bhéal; (4) d'fhéadfaí iad a úsáid amuigh faoin aer; (d) Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát nó, i gcás údarú Aontais, déanfaidh an Coimisiún na treoracha ábhartha maidir le húsáid agus na réamhchúraimí a shonrú ar lipéad na n-earraí cóireáilte faoi Airteagal 58(3), an dara fomhír, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh ina bhfuil seoilít since airgid.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2635/oj

Gnáthainm	Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí ([1])	Dáta formheasa	Dáta éaga an fhormheasa	An cineál táirge	Coinníollacha sonracha
						(2) Tá earraí cóireáilte a chuirtear ar an margadh faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: (a) earraí polaiméire neamhtheicstíle a chóireáiltear le seoilít since airgid nó ina n-ionchorpraítear seoilít since airgid a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil dhíreach leis an gcraiceann, craiceann ar mhéid níos mó ná 300 cm^2 i gcás daoine fásta agus leanaí (> 2 bhliain d'aois), agus níos mó ná 200 cm^2 i gcás lapadán (1-2 bhliain d'aois) agus naíonán (< 1 bhliain d'aois), ní chuirfear ar an margadh iad; (b) ní chuirfear ar an margadh teicstílí a chóireáiltear le seoilít since airgid nó ina n-ionchorpraítear seoilít since airgid má chomhlíonann siad aon cheann de na coinníollacha seo a leanas nuair a úsáidtear ina n-aonair iad nó nuair a ionchorpraítear in earraí eile iad: (1) d'fhéadfaidís teacht i dteagmháil le craiceann an duine, lena n-áirítear go hindíreach trí shreabháin choirp; (2) d'fhéadfaí iad a láimhseáil faoi dhálaí fliucha; (3) d'fhéadfadh leanaí faoi bhun 2 bhliain d'aois iad a chur sa bhéal; (4) d'fhéadfaí iad a úsáid amuigh faoin aer; (c) áiritheoidh an duine atá freagrach as earra cóireáilte a chur ar an margadh a cóireáladh le seoilít since airgid nó ina n-ionchorpraítear seoilít since airgid go gcuirfear ar fáil ar lipéad an earra chóireáilte sin an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 58(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

([1]) Ba í an íonacht a léiríodh sa cholún seo íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí a ndearnadh meastóireacht uirthi. Is ceadmhach íonacht na substainte gníomhaí sa táirge a chuirtear ar an margadh a bheith cothrom léi nó éagsúil léi, má tá sé cruthaithe go bhfuil sí coibhéiseach go teicniúil leis an tsubstaint ghníomhach a ndearnadh meastóireacht uirthi.

([2]) Linde Cineál A (cineál creata na seoilíte). Is cuid ríthábhachtach den aitheantas é an cineál creata. Ní mheasfar gurb í an tsubstaint chéanna í seoilít since airgid ag a bhfuil cineál creata éagsúil.

([3]) Is é seoilítí sintéiseach, Ag. an t-ainm CAS. Tá an iontráil i bhfardal CAS níos leithne ná an t-ainm ceimiceach sonraithe.